

www.voteforfamily2014.eu



European Elections 2014 - A Manifesto for Family Friendly Policies

Toghcháin 2014: Forógra i gcomhair polasaithe cuimsitheacha éifeachtacha Eorpacha ar son an Teaghlaigh, Taisce na hEorpa!

Geallaimse agus mé i m'iarthóir sna toghcháin Eorpacha go gcuirfidh mé riachtanais an teaghlaigh sa áireamh ar bhonn córasach agus cinneadh á dhéanamh a mbeidh anáil nó tionchar aige ar an gcomhlúadar agus a neartós instiúid an teaghlaigh ar mhaithe leis an Eoraip, agus go dtabharfaidh mé ómós iomlán do phrionsabal na coimhdeachta anois agus san am atá le teacht.

Geallaim go gcothóidh mé cearta an teaghlaigh ar na bealaí seo a leanas:

1. Aitheantas a thabhairt do chomhlántacht fir agus mná

Níl bunús dlíthiúil ar bith i gComhaontas an Aontais Eorpaigh le 'inscne'.

Aithníomse an chomhlántacht idir fear agus bean agus cuirim suas d'ideolaíocht inscne a fhéachas leis na difríochtaí géasacha a chur ar ceal i bpolasaithe poiblí.

2. Instiúid an phósta a shainmhíniú, a mhóradh agus a chothú

Is cineál aontais pairtnéireacht homaighnéasach atá eagsúil leis an bpósadh idir fear agus bean.

Tógaimse orm féin ómós a thabhairt do cheart na mBallstát sainábhar choincheap na pairtnéireachta agus an phósta a shainmhíniú. Faoi réir phrionsabal na coimhdeachta, cuirfidh mé i gcoinne chur isteach an Aontais Eorpaigh sa réimse seo trí pholasaithe comhphobail.

3. Ómós don Dínit Dhaonna ón gcoimpeart go deireadh nádúrtha na beatha

Geallaimse go dtabharfaidh mé ómós don bheatha ag gach uile staid, na beo gan breith san áireamh, trí fheidhmiú na gcritéar a fhaightear i mbreith C-34/10 agus trí fheidhmiú Thionscnamh na Saoránach Eorpach 'Duine dínn'.

4. Athair agus máthair, céad oideachasóirí agus príomhoideachasóirí a gcuid gasúr

Geallaimse go gcinnteoidh mé go mbeidh ómós ag an Aontas Eorpach agus go gcothóidh sé, ina chuid clar óige agus oideachais uile, ceart tuismitheoirí oideachas a chur ar a gcuid gasúr de réir a gcreidimh mhorálta agus reiligiúnaigh, agus trí thraidisiúin chultúrtha an teaghlaigh ar son mhaith agus dhínit an pháiste a chur san áireamh.

5. An teaghlach, daoine le cearta

Tá cosaint agus taca an chomhluidair dlite don teaghlach. Tiomnaím mé féin d'obair i bhfabhar cearta agus leasanna an teaghlaigh, gan cur isteach ar inniúlacht na mBallstát.

6. 'Príomhshruthú' teaghlaigh a chur i bhfeidhm

Ar mhaithe leis an ngné dhaonna a thabhairt isteach i bpróiseas intáthaithe an Aontais Eorpaigh, ní mór don Aontas Eorpach gnóthaí an teaghlaigh a thabhairt san áireamh ina chuid cinntí uile. Tá mise tiomnaithe don phríomhshruthú teaghlaigh i ngach uile réimse polasaí.

7. Guthanna teaghlach a chothú

Is iad na cumainn teaghlach guth na dteaghlach mar is iad a chuireas a gcuid riachtanas os ard go fírinneach. Geallaim go dtabharfaidh mé aitheantas dá ndéanann cumann teaghlach agus dá bpáirt i ndearadh agus i bhforbairt clár a mbeidh anáil nó tionchar acu ar shaol and teaghlaigh.

8. Aitheantas a thabhairt do thábhacht oibre neamhfhoirmiúla

Tá mé tiomnaithe don aitheantas is cóir don Aontas Eorpach faoi réir ag a chuid údaráis a thabhairt do thábhacht na hoibre a dhéanas máthair agus athair sa mbaile, mar gheall ar thábhacht na hoibre céanna don teaghlach agus don chomhluidar, agus mar gheall ar thábhacht na deonachta ar mhaithe leis an gcomhtháthú sóisialta.

9. Cothrom idir saol teaghlaigh agus saol gairmiúil

Is é an teaghlach a bheas mar phointe tosaigh agamsa i ndearadh coinníollacha oibre a thabharfas deis do theaghlaigh am a chaitheamh le chéile agus dá réir sin dinimic an phobail a chaomhnú agus an comhtháthú sóisialta a chothú.

Tá mé tiomnaithe do chothrom níos fearr a léiriú idir saol an teaghlaigh agus an saol gairmiúil ar mhaithe leis an teaghlach, agus an Domhnach mar lá scíthe coiteann san áireamh.

10. Saoire mháithreachais

Mise i mbannaí go nglacfaidh me páirt ghníomhach san idirbheartaíocht i dtaobh na Treorach ar shaoire Mháithreachais ionas go gceadófar méadú ar íosmhéid na saoire.

11. An eacnamaíocht ag freastal ar an teaghlach

Geallaim go gcinnteoidh mé go mbainfidh teaghlaigh tairbhe as coinníollacha eacnamaíochta a chinnteos cailghdeán maireachtála a bheas ag teacht lena ndínit agus lena bhforbairt iomlán.

12. Tá obair dhíniúil dlite do gach uile theaghlach

Ba cheart go mbeadh gach uile theaghlach in ann maireachtáil ar thorthaí a gcuid oibre. Geallaimse go n-oibreoidh mé ar son polasaithe fostaíochta nach bhfuil bunaithe ar an margadh oibre i dtéarmaí airgeadais amháin, ach a dhíreos ar an duine agus ar a chuid talannacha agus ar an gcaoi a gcuirfidh sé leis an maith choiteann agus a fhéachfas leis an mbochtanas agus leis an toirmeasc sóisialta a chosc.



FAFCE
FEDERATION DES ASSOCIATIONS
FAMILIALES CATHOLIQUES EN EUROPE
FEDERATION DER KATHOLISCHEN
FAMILIENVERBÄNDE IN EUROPA
FEDERATION OF CATHOLIC FAMILY
ASSOCIATIONS IN EUROPE